TAGAIRT: EFSSO/0407

EAGARTHÓIR FOCLÓIREACHTA

(POST AR CHONRADH TRÍ BLIANA)

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA BÉARLA–GAEILGE: Céim a Dó

Is mian le Foras na Gaeilge **Eagarthóir Foclóireachta** a cheapadh chun taobh na heagarthóireachta agus na foclóireachta de Chéim a Dó den Tionscadal, agus na seirbhísí tánaisteacha a ghabhann léi, a stiúradh agus a thabhairt chun críche. Post dúshlánach é seo a éileoidh ardscileanna agus taithí ghairmiúil ar réimse na foclóireachta agus na heagarthóireachta. Bainfidh príomhdhualgais an phoist le sainriachtanais foclóireachta an tionscadail a aithint, le polasaí eagarthóireachta, gramadaí agus teanga a leagan amach agus le córais oiriúnacha mhonatóireachta agus chomhairliúcháin a chur i bhfeidhm. Beidh an post lonnaithe in oifigí Fhoras na Gaeilge ar Shráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath.

Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha.
- Ardtuiscint ar ghramadach, ar chomhréir agus ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge.
- Ardtuiscint ar chanúintí na Gaeilge.
- Taithí ghairmiúil ar obair eagarthóireachta.
- Taithí agus eolas ar chleachtadh na foclóireachta nua–aimseartha agus ar léann na foclóireachta.
- Eolas ar an bpleanáil corpais.
- Taithí ar fhoireann a stiúradh.
- Iarchéim sa Ghaeilge ó institiúid oideachais aitheanta tríú leibhéal.
- Scileanna oiriúnacha ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí oiriúnach ar bhainistíocht a dhéanamh ar thionscadal nó ar chlár oibre ardaidhmeannach.

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar an gcóras tairisceana poiblí.
- Taithí ar obair ar conradh a stiúradh.
- Eolas maith ar shaol acadúil na Gaeilge.
- Taithí ar thionscadail foclóireachta a stiúradh cheana.
- Eolas ar an bpróiseáil teanga.

Is é an raon tuarastail don phost thuas ná: €59,986 - €74,760 (01-06-06)

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. ***Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above post.***

Foras na Gaeilge

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS **T: (003531) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie**

Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha chuí a lua.

SPRIOCDHÁTA *Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh* **1.00 p.m. Dé hAoine, 25 Bealtaine 2007.**

Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.